snas.ie

Ar smaoinigh tú ar *Dictogloss* a eagrú chun cruinneas gramadaí a fhorbairt sa rang?



FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

CÉN RUD É AN DICTOGLOSS?

- Deachtú atá i gceist le *Dictogloss*.
- Éisteann foghlaimeoirí le téacs gairid á léamh os ard, agus tógann siad nótaí ar na príomhphointí.
- Ansin oibríonn siad i ngrúpaí beaga chun an téacs a athchruthú chomh cruinn agus is féidir.
- Forbraíonn an ghníomhaíocht seo scileanna éisteachta, gramadaí, stór focal agus comhoibrithe.

snas.ie

BUNTÁISTÍ D'FHOGHLAIM NA GRAMADAÍ

Cuireann an *dictogloss* le foghlaim na gramadaí mar tugann sé deis do dhaltaí struchtúir ghramadaí a aithint agus a úsáid i gcomhthéacs nádúrtha. Trí bheith ag athchruthú an téacs, déanann siad machnamh agus plé ar chruinneas gramadaí agus ar fhoirmeacha teanga ar bhealach gníomhach.



FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

TREOIR

snas.ie

- Ní gá go mbeadh an téacs fada ná dúshlánach.
- Is féidir an téacs a bhunú ar an topaic ranga – cúrsaí oibre, cúrsaí taistil, caitheamh aimsire srl.
- Is féidir úsáid a bhaint as téacs leathdhílis i.e. script ghearr a scríobhann an múinteoir féin.



BAINISTÍOCHT RANGA

- Léigh téacs gairid os ard do na foghlaimeoirí dhá uair nó trí huaire agus iarr orthu (ina n-aonar) nótaí gearra a ghlacadh ar na príomhfhocail agus ar na príomhsmaointe.

- Ansin, cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun an téacs a athchruthú agus chun a leagan féin a chur i gcomparáid leis an mbuntéacs.



TÉACS SAMPLACH

snas.ie

Is breá liom mo phost anseo i Scoil Mhuire. Táim ag obair anseo anois le 10 mbliana. Roimhe sin bhí mé ag obair i scoil tuaithe ar feadh trí bliana. Tá coinníollacha maithe agam. Is post buan é agus tá postroinnt ar fáil. Bhí saoire mháithreachais agam dhá bhliain ó shin agus bhí mé sa bhaile ar feadh bliana. É sin ráite, táim ag súil go mór le mo laethanta saoire i mbliana. Beidh mé ag dul go dtí an Fhrainc ar feadh coicíse. Táim ag súil leis mar ní raibh mé sa Fhrainc le fada.

Bheadh an téacs seo áisiúil chun na foghlaimeoirí a chur ag machnamh agus ag plé gramadach a bhaineann le tréimhsí ama (‘ar feadh’ v. ‘le’ agus an focal ‘bliain’ (‘dhá bhliain’ v. ‘10 mbliana’), mar aon le stór focal a bhaineann le coinníollacha oibre.